

Fág Seo! Fadhbanna agus Deacrachtaí Aistrithe i gCláir na bPáistí ar TG4: Nodanna d'Aistritheoirí agus d'Fhoghlaimoirí

Brian Ó Broin

Réamhfhocail

Dora (agus a cairde) is cúis le teideal an pháipéir seo. Éinne a bhfuil Dora feicthe acu, beidh a fhios acu go n-athraítear an Béarla/Spáinnis "Come On, Vamonos"¹ san amhrán aitheantais go "Fág Seo, Vámonos." Sa chás seo, aistriúchán maith is ea é, mar tá Dora ag gríosadh an lucht féachana an áit ina bhfuil siad a fhágáil agus dul léi ag eachtraíocht. Ach tá dhá chiall leis an nath sa mBéarla: go fisiciúil ("Come on/Let's go [away from this place]") agus go fíorach ("Come on/Let's [get this job done]"). Sa Ghaeilge *fág seo* níl ach an chiall fhisiciúil leis an bhfrás. Má deir tú "fág seo", ta tú ag moladh le duine eile an áit ina bhfuil sibh a *fhágáil*. Ach go rómhinic, deireann carachtar éigin i gcartúin Ghaeilge "Fág seo" le duine éigin i gciall fhíorach an Bhéarla, rud a thugann le fios go bhfuil an t-aistritheoir ag innéacsú² Gaeilge ar Bhéarla gan smaoineamh ar chialla difriúla na bhfocal sa Ghaeilge. 'S é sin, *tá Béarla ag teastáil ón duine féachana* chun ciall a bhaint as an nGaeilge. Fágann sin an Ghaeilge a chloistear sna cláracha mar chód bunaithe ar Bhéarla³.

Tá nóta criticiúil ag an bpáipéar seo, ach ní cheart don léitheoir, dá réir sin, ceapadh go bhfuil an t-údar seo míshásta le cláracha Gaeilge na bpáistí ar TG4. Go deimhin, níl oiread is clár amháin ar TG4 nach ligfinn do mo pháistí féin breathnú air, fiú agus a fhios agam go bhfuil laigí ann. Tá cláracha *Béarla* na bpáistí in Éirinn, sa Bhreatain, agus sna Stáit Aontaithe breac le botúin agus béarlagair cheana féin, agus fós féin tagann páistí Béarlacha amach lánlíofa sa teanga sin. B'fhéidir go bhfuil tionchar beag ag an teilifís ar theanga páistí, ach ní athróidh sé a saol.

Mar sin, b'fhearr liom an t-alt seo a úsáid chun breathnú ar na fadhbanna aistrithe a thagann chun solais trí chaint na gcarachtar sna cláracha. Tionchar an Bhéarla an fhadhb is mó a fheictear, ach ná bimis róbhuartha faoi sin. Tá saol na Gaeilge báite sa Bhéarla cheana féin, agus ba cheart glacadh leis go mbeimid ag goid ó phríomhtheanga na hÉireann agus an domhain, díreach mar a ghoid Béarla ón Fhraincis ar feadh na gcéadta bliana (Pyles and Algeo 295-299). Comhartha sláinte is ea é freisin, ó is gadaí gach teanga bheo⁴.

Stair Tionscal na Teilifíse

Tá an saol athraithe go mór ón am nach raibh de Ghaeilge ar an teilifís ach cinnlínte nuachta ar a caoga trí nóiméad tar éis a seacht ar Network Two. Gura slán an scéalaí, ar feadh tríocha bliana ní raibh ach corrchlár Gaeilge ar an teilifís in aon chor, gan trácht ar chinn ar bith dírithe go sainiúil ar pháistí⁵.

Thosaigh cúrsaí ag athrú sna 1980aí nuair a bunaíodh comhlachtaí mar Telegael chun cláracha Gaeilge a sholáthar do RTE ar bhonn níos rialta. Rinne Telegael roinnt cláracha iad féin, ach b'é athghuthú an ghníomhaíocht ba mhó a bhí ar siúl acu. Beidh cuimhne ag roinnt ar

"Scéalaíocht Janosch", mar shampla, aistriúchán ar an gcartún Gearmáinise "Janoschs Traumstunde", a chuaigh amach idir 1989 agus 1990⁶.

Tharla seo mar gheall ar bhrú-fheachtas a eagraíodh ó na seachtóidí amach, ach a cuireadh dlús leis i ndeireadh na n-ochtóidí faoi thionchar Meitheal Oibre Teilifís na Gaeltachta agus Conradh na Gaeilge (Ní Chionnaith 31). Cheana féin bhí gníomhaithe Gaeltachta mar Dhonncha Ó hÉallaithe ag tógáil agus ag úsáid tarchuradóirí bradacha teilifíse chun freastal a dhéanamh ar phobal na Gaeltachta (Ó hÉallaithe). Faoi cheann roinnt blianta eile ghéill rialtas na hÉireann don bhrú ó phobal na Gaeilge agus gheall siad stáisiún teilifíse. Thosaigh Teilifís na Gaeilge, anois TG4, ag craoladh i mí Dheireadh Fomhair 1996 mar fo-chomhlacht de chuid RTÉ. Rinneadh údarás reachtúil neamhspleách den stáisiún sa bhliain 2007.

An fhadhb ba mhó a bhí ag an stáisiún ar dtús ná foireann oile le Gaeilge a earcú. Fuaireadar roinnt den fhoireann nua ón earnáil léirithe Gaeilge a d'fhás le roinnt blianta anuas, agus roinnt eile ó RTÉ, ach is léir, 20 bliain i ndiaidh a bhunaithe, go streachlaíonn TG4 le teanga go fóill. Fiú má labhraítear Gaeilge os comhair ceamara, ní annamh an Béarla a chloisteáil mar theanga oibre taobh thiar den cheamara⁷.

Feictear an fhadhb seo in áiteanna eile freisin. Tá tionscal na meán craolta Gaeilge ag borradh níos tapúla ná pobal dúchais na Gaeilge⁸, agus ciallaíonn sin go bhfuil an tionscal breac le cainteoirí Gaeilge nach í an teanga sin a dteanga dhúchais ná fiú a dteanga bhaile. Fágann sin blas aisteach ó na cláracha teilifíse ó am go chéile. Ó tharla mise ag tógáil mo pháistí féin le Gaeilge agus muid ag breathnú ar chláracha Gaeilge TG4 le chéile go minic, chuir mé romham súil ghéar, nó chluais ghéar ba cheart a rá, a choinnéail ar úsáid na Gaeilge sna cláracha.

Mar a Dhéantar Clár Teilifíse do Pháistí

Sna seanlaethanta, rinne na stáisiúin teilifíse a gcláracha teilifíse fein. Le himeacht ama, áfach, tá na stáisiúin go léir beagnach éirithe as an gceird léirithe, agus cuireann siad a gcláracha amach ar chonradh. Mar sin, in áit TG4 a bheith ag déanamh an chlár chócaireachta do pháistí "Bia Linn", cuireann siad amach ar chonradh é do "Indee Productions", comhlacht léirithe i mBéal Feirste⁹. Faigheann Indee Productions stiúideo ar chíos (muna bhfuil ceann acu féin) inar féidir leo an taifead a dhéanamh, aisteoirí, stiúrthóirí, agus eagarthóir teilifíse chun snas a chur ar an taifead. Ansin cuireann siad an tsraith chlár ar fáil do TG4 ar phraghas atá réamhshocraithe idir iad agus TG4. Ar ndóigh, is é airgead an chloch is mó ar pháidrín gach éinne. Ofráileann TG4 méid áirithe ar chláracha áirithe, agus téann comhlachtaí léirithe i gcomórtas lena chéile chun na conarthaí a fháil. Mar a thuigfí, is iad na comhlachtaí móra is mó a fhaigheann na conarthaí, ó is iad is mó is féidir cláracha a dhéanamh go saor ar chaighdeán ard teilifíse. An fhadhb is mó le seo, ar ndóigh, ná gurb iad cainteoirí Béarla is mó a dhéanann na cláracha. Tharla i 2012 gur chaith TG4 roinnt céad míle Euro ar chlár faoi phobal na hÉireann i Nua Eabhrac. Ní raibh Gaeilge ag éinne de lucht déanta an chlár, agus nuair a fiafraíodh den léiritheoir cé mar a bheadh siad á chur amach ar TG4, dúirt sé go bhféadfaidís aisteoir le Gaeilge a fháil ar airgead beag a dhéanfaidh an guthaithe¹⁰ taobh istigh de chupla uair an chloig i stiúideo fuaime i mBaile Átha Cliath. Gníomhaíonn na comhlachtaí go léir go príomha trí Bhéarla. Is é Béarla an t-aon teanga oibre ag Indee Productions, an comhlacht a dhéanann "Bia Linn," agus bíodh is gurb iad cláracha Gaeilge tromlach táirgiúlachta an chomhlachta, tá a suíomh idirlín i mBéarla amháin¹¹.

Próiseas eile atá i gceist le athghuthú. I roinnt cásanna, ceannaíonn comhlachtaí áirithe na cearta, cartún áirithe (abraimís Dora the Explorer) a thaispeáint as Gaeilge in Éirinn. Faigheann

siad bunchóipeanna de na cláracha, agus (de ghnáth) ní gá ach fuaimrian na n-aisteoirí a bhaint den chlár. Fanann na maisíochtaí fuaimne slán. Mar sin, ní gá ach aisteoirí le Gaeilge a aimsiú. Ach ar dtús, caithfear an script a aistriú. In amanna cuirfear an script amach go dtí aistritheoir gairmiúil agus aistroidh an duine sin é gan an clár a fheiceáil in aon chor, ach amanna eile tugtar an script agus an buntaifead don aistritheoir leis na teoracha go gcaithfidh an t-aistriúchán a bheith chomh cóngarach do ghluaiseachtaí béil na gcarachtar sa chartún agus is féidir. Samhlaigh mar sin na fadhbanna a bhainfeadh le carachtar ag rá, mar shampla "FAQ" sa Bhéarla. Trí shiolla, agus é ar eolas ag gach cainteoir Béarla. D'fhéadfadh an t-aistritheoir "CCM" a scríobh, ach ní thuigfí é sin sa Ghaeilge. "Ceisteanna a Chuirtear go Minic", mar sin, ach tá naoi siolla ansin¹². Léiríú maith is ea seo ar na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag aistritheoirí, mar sin, agus iad ag iarraidh a bheith dílis don bhuntéacs, intuigthe sa sprioctheanga, agus praiticiúil ó thaobh sochloisteachta de¹³.

Téann an script aistrithe ar ais go dtí an comhlacht, a fhaigheann aisteoirí agus a chuireann athghuthú ar an gclár i stiúideo fuaimne éigin. Is minic nach mbíonn na haisteoirí le chéile ag an am céanna fiú, ó is féidir a nguthanna a thaifeadadh ceann i ndiaidh a chéile go dtí go bhfuil an fuaimrian lán.

Arís, is é airgead an chloch is mó ar an bpáidrin. Úsáidfidh na comhlachtaí léirithe an t-aistritheoir a ofráilann an praghas is ísle ar an aistriúchán, agus na haisteoirí a ofráilann an praghas is ísle ar an athghuthú. Is minic Conradh sínithe idir TG4 agus an comhlacht léirithe cheana féin, agus fágann sin in amanna gur cuma leis an gcomhlacht faoi chaighdeán teanga an chartúin chríochnaithe, go háirithe más beag orthu níos mó conarthaí a fháil ó TG4.

Ach is i dteanga na gcartún is mó ár spéis. Cén saghas teanga atá á cloisteáil againn sna cártúin? Oibrithe óga is mó a oibríonn san earnáil seo, an chuid is mó acu tagtha amach as na cúrsaí Gaeilge sna coláistí tríú léibhéal, agus b'fhéidir le taithí acu ar na meáin craolta agus an teicneolaíocht atá bainteach leo. Meascán idir cainteoirí cathrach agus cainteoirí Gaeltachta is ea iad, agus meascán Gaeilge acu dá réir. Tógadh roinnt acu le Gaeilge, ach níor tógadh roinnt eile. Tá canúint Ghaeltachta ag roinnt acu, agus canúint chathrach ag roinnt eile. Tá foghraíocht mhaith Ghaeilge ag roinnt acu, agus foghraíocht bhunaithe ar Bhéarla ag roinnt eile. Mar ba léir, fágann an próiseas seo teanga na gcláracha i mbaol. D'fhéadfadh sé tarlú go bhfaighfeadh clár léiritheoirí, stiúrthóirí, aistritheoirí, aisteoirí agus eagarthóirí le caighdeán ard teanga, ach d'fhéadfadh a mhalairt tarlú freisin.

Na Deacrachtaí, Rangaithe

Ní féidir a shéanadh gurb é anáil an Bhéarla an gné is soiléire de na deacrachtaí, ach tuigimis freisin gurb é an Béarla an t-aon teanga eile atá ar eolas ag na haistritheoirí, de ghnáth, agus is ar an teanga sin atá na haistritheoirí ag innéacsú, fiú má thosaigh an clár i dteanga éile. I ndáiríre, níl i roinnt de na haistriúcháin Béarla aistrithe focal ar fhocal, mar

Anois tá sé sin níos mó cosúil leis <- Now that's more like it¹⁴. [DB]¹⁵

Sílim gur Mamaí atá ag dul a bheith inti. <- I think she's going to be a mommy. [TSS]

Gaeilge atá sna focail agus sna frásaí seo, ach is deacair iad a thuiscint gan iad a thiontú ar ais isteach sa Bhéarla, agus is cruthúnas é go bhfuil na haistritheoirí ag smaoineamh i mBéarla. Ach cuimhnimis ar na pointí seo leanas sula dtugaimid breithiúnas dian ar na haistritheoirí:

- Cainteoirí Béarla is ea cuid mhaith de na haistritheoirí cheana féin, gan Gaeilge ó dhúchas acu.
- Bíonn cláracha Béarla do pháistí breac le béarlagar agus nathanna nach bhfuil leaganacha Gaeilge ar fáil dóibh¹⁶.
- Má tá an t-aistritheoir ag éisteacht le bunleagan Béarla an chláir, cuirfear ar meanma Béarlach é, agus is deacra dá réir sin teacht ar nathanna nádúrtha Gaeilge don sprioctheanga.

Mar bharr ar seo, ta sé ró-éasca liosta fada "meancóga" a chur le chéile agus iad a úsáid mar leithscéal clamhsáin. Ní cúnamh d'éinne é seo (agus is masla é dóibh siúd atá ag obair chomh dian sin san earnáil seo gan mórán luach saothair le fáil dá réir). B'fhearr i bhfad na deacrachtaí agus fadhbanna a rangú le féachaint an féidir breathnú taobh thiar díobh agus iad réiteach a fháil orthu.

Comhréir

I) Aidiachtaí an Bhéarla ≠ Aidiachtaí sa Ghaeilge

- 1) Tá tú ceart. [BS] [DOD] [HP] [TD] [FR].
- 2) Ná bí inníoch [HP]¹⁷.

Tá saibhreas aidiachtaí sa Bhéarla nach bhfuil ar fáil sa Ghaeilge. Agus iad i mbun aistrithe, bíonn fonn ar chainteoirí dúchais Béarla aidiachtaí a chur leis an mbriathar "tá" sa Ghaeilge díreach mar a dhéantar sa Bhéarla "I am sick, happy", etc. Mar bharr ar sin, sa Bhéarla is féidir aidiachtaí a dhéanamh de rangabhálacha ("to worry" -> "John is worried"; "These facts are worrying"). Ní féidir sa Ghaeilge. Sa Ghaeilge, in áit aidiachtaí, usáidtear an briathar "tá", ainmfhocal, agus forainm réamhfhoclach: "Tá an ceart agat"; "Tá áthas ort", srl. Feicfear níos mó samplaí den fhadhb seo faoin chatagóir "Linking Verbs" an Bhéarla. Níl aon rud mícheart go hoifigiúil leis na habairtí seo, ach ní luíonn siad le comhréir nádúrtha na Gaeilge.

II) Fochlásail an Bhéarla ≠ Fochlásail na Gaeilge

- 1) Cén aois a raibh rí na hÉigipte? [BS]
- 2) Sin scannáin atá sé fíor-bhródúil astu. [Ponc]
- 3) Céard tá tú ag smaoineamh air? [Wildgrinders]
- 4) Níl a fhios agam cad é atá tú ag caint fa dtaobh de. [FF]
- 5) Sin rud gur maith leat. [FF]; sin rud gur mhaith leat [HP]
- 6) Céard ar mhaith leat a sheinnt? [FR]; cén saghas cáca ar mhaith leat? [Olivia]
- 7) An bhfuil sibh ag iarraidh scéal a chloisteáil faoi nuair a bhuail muid le chéile? [Dora]

Cuimhnimis gur saghas abairtín é an fochlásal. Go minic i mBearla ní athraíonn mórán iontu (He is sad - We are told that *he is sad*). Ach sa Ghaeilge caithfear deighleáil le foirmeacha

spleácha agus neamhspleácha sna briathra (An fear *atá* tinn ACH An fear *a bhfuil* slaghdán air). Cuireann seo meadhrán ar aistritheoirí, go háirithe leis an mbriathar *tá*, an chopail, agus na briathra neamhrialta.

Botún an-choitianta is ea sampla 1 thuas i measc foghlaimoirí. Glacann an cainteoir leis go dtagann foirm spleách den bhriathar i ngach fochlásal, ach ar ndóigh ní thagann ach amháin nuair is cuspóir réamhfhocail é an t-ainmní.

A mhalairt atá ar siúl in abairtí 2-4. Déanann an t-aistritheoir dearmad gur cuspóir réamhfhocail atá san ainmní, agus tá an dearmad seo ag tarlú mar gheall ar shuíomh an réamhfhocail. Tá an rogha ag cainteoirí Béarla an réamhfhocail a choinneáil in aice an ainmní ("That's the man about whom I was speaking") nó é a chur go deireadh an fhochlásail ("That's the man [whom] I was speaking about"). Tá an rogha céanna ag cainteoirí Gaeilge, ach is minic cuma ciotach ar an abairt nuair a chuirtear an réamhfhocail go deireadh an fhochlásail, go háirithe más réamhfhocail comhshuite é, mar atá in abairt 4. Bheadh stádas an ainmní níos soiléire dá gcoinneofaí an réamhfhocail in aice leis.

Tá deacrachtaí faoi leith ag nuachainteoirí Gaeilge leis an gcopail, mar is briathar uireasach¹⁸ é, gan ach aimsir láithreach, aimsir chaite, agus modh coinníollach (agus is ionann an aimsir chaite agus an modh coinníollach). Mar bharr ar seo, measctar suas na leaganacha coibhneasta (gurb, gurb) leis an mír choibhneasta (go) go minic, agus is minic an cainteoir ag úsáid an leagan coibhneasta nuair is é an gnáthleagan a bhfuiltear ag súil leis. In abairt 6 tá an t-aistritheoir ag úsáid an leagain cheistigh den chopail ("Ar . . .?") nuair atá an cheist soiléir ón mhír cheisteach ("Céard . . .?"; "Cén . . .?") cheana féin.

Is féidir clásal a úsáid mar ainmfhocail sa Bhéarla agus sa Ghaeilge, ach ní mar an gcéanna. I gcás abairt 7, bhí an t-aistritheoir ag smaoineamh gurbh fhéidir an fochlásal a thosaíonn le *nuair* a úsáid mar ainmfhoclach¹⁹. Ní cheadaítear seo sa Ghaeilge.

III) Aimsir an Bhéarla ≠ Aimsir na Gaeilge

- 1) Cad a bhfuil tú chun a dhéanamh <- What are you going to do? [Draíocht]
- 2) Sílim gur Mamaí atá ag dul a bheith inti. <- I think she's going to be a mommy. [TSS]
- 3) Tá sé ag dul ag báisteach [Pocoyo].
- 4) Inis dom nuair a thagann an cigire [HP]
- 5) Sula dtagann an X [HP]; sula dtagann ár gcairde [RDR] Sula dtosaíonn muid [TSS]
- 6) Nuair atá sí mór [BS]
- 7) An mbíonn sairdíní acu ansin? Níl. [HP]

Táthar ann a deir nach bhfuil aimsir fháistineach ag an mBéarla in aon chor (Dragga 1986), ach is léir gur féidir cur síos ar an todhchaí sa Bhéarla ar roinnt bhealaigh. De ghnáth úsáidtear "will" nó "shall," ach tá an leagan neamhfhoirmiúil "going to" ("gonna") forleathan freisin, chomh maith le "about to". Ní hionann na diminsin seo, ámh: is cosúil go n-úsáidtear "going to" agus "about to" chun eachtra a chur in iúl atá cóngarach d'am an chainteora, a bhfuil an gníomhaí dlúthcheangailte leis, agus go bhfuil an eachtra ag bagairt (Comrie 64)²⁰. Tugtar an fháistineach láithreach ("immediate future") ar seo sa Bhéarla, agus feictear leagan de sa

Ghaeilge freisin: *Tá mé chun X [a dhéanamh]*²¹. In abairt 1 ceapann an t-aistritheoir go bhfuil an abairt Bhéarla "What are you going to do?" san fháistineach láithreach. Níl, ach amháin go bhfuil an t-ainmní dlúcheangailte leis an ngníomh. B'fhearr, ar ndóigh, an Ghaeilge a fhágáil san fháistineach simplí.

Tagraíonn Nancy Stenson don fháistineach láithreach leis an nath "ag dul [ag déanamh] X" (161), agus feictear samplaí den struchtúr seo mar "cad atá tú ag dul ag déanamh?" i roinnt foinsí (Mac Ionnrachtaigh, "dul") ach is léir ó na samplaí go gcaithfidh an t-ainmí a bheith leagtha ar an ngníomh ("Tá mé ag dul ag imeacht"). Ar ndóigh, b'fhearr i bhfad an fháistineach simplí ("Sílim go mbeidh sí ina mamaí"), ach tá fáistineach láithreach an Bhéarla in intinn an aistritheora.

Léiríonn abairt 3 fadhb chasta: níl aon ainmní ar bith. Bréag-fhorainm atá in "sé," agus ní féidir intinn a bheith aige. B'fhearr, b'fhéidir, struchtúr mar "Tá báisteach air" (Ó Dónaill, "Báisteach").

De cheal aimsir fháistineach shainiúil sa Bhéarla is minic an aimsir láithreach in úsáid ina háit ("John leaves on Thursday"). I bhfírinne, is fearr an aimsir láithreach scaití in abairtí mar "When you are big." Ní dhéantar seo sa Ghaeilge in aon chor, ach feictear anáil an Bhéarla uirthi mar sin féin in abairtí 4-6, ina bhfuil an aimsir láithreach in úsáid go bradach.

Is minic é ráite nach féidir "Yes" ná "No" a rá as Gaeilge. In áit sin, tugtar an briathar ar ais sa leagan dearfach nó diúltach agus san aimsir chéanna. In abairt 7 is léir go bhfuil an t-aistritheoir ag smaoineamh "No" sa Bhéarla agus, sa phróiséas, ag déanamh dearmad ar bhun-aimsir na ceiste. Fágann sin cling aisteach leis an bhfreagra.

IV) Briathra Cúnta le Príomhbriathair – Clásail gan Aimsir - "Faí Chéasta"

- 1) An bhfuil gach éinne suite? [TD]
- 2) Tá tú caillte. [FF]
- 3) Stop ag caoineadh! [SFD]; Stop ag brú cnaipí! [AMF]; Is maith linn ag brú cnaipí! [AMF]
- 4) Ag ithe cáca an rud is fearr liom a dhéanamh [AM]
- 5) Beidh a fhios aici céard le déanamh. [Zou] [AFF]
- 6) Níl a fhios agam len é a athrú. [FR]
- 7) Níl a fhios agam cén lámh a thabhairt duit. [Zou]
- 8) Inseoidh tú cén uair a talmhú [HP]
- 9) Áit le baile a ghlaoch air [LDD]
- 10) Fuair sé gortaithe i ngaiste [RDR]

Tá comhréir an Bhéarla sách casta, ach feicimid go bhfuil áit faoi leith inti do na rangabhálacha (past agus present participle) agus an infinideach. Níl rangabhálacha ag an nGaeilge sa chaoi céanna is atá ag an mBéarla, agus níl infinidigh in aon chor. De cheal iad, lorgaíonn aistritheoirí comhbhrí sa Ghaeilge, ar an struchtúr seo:

Béarla *drinking* Gaeilge *ag ól*

Béarla *eaten* Gaeilge *ite*

Béarla *to eat* Gaeilge *ag ithe*

Go minic éiríonn leis an innéacsú seo (I am drinking - Tá mé ag ól), ach go minic teipeann air, mar a tharla thuas in abairt 1. Ní oibríonn an leagan sa Ghaeilge mar tá blaiseadh den natháíocht sa Bhéarla cheana féin nach féidir a aistriú go nádúrtha. Más briathar aistreach "to seat" sa Bhéarla, tá an cheist sa faí chéasta, nach bhfuil ann sa Ghaeilge. Más briathar neamhaistreach é, ní féidir leis an bhfocal "seated" feidhmiú ach mar aidiacht. Seo í an fhadhb leis an leagan Gaeilge - ní oibríonn an aidiacht bhriathartha "suite" i nGaeilge mar a oibríonn an aidiacht "seated" i mBéarla. Tugann an leagan Gaeilge le fios gur cuireadh na héisteoirí ina suí. B'fhusa an chiotacht seo a sheachaint trí frás aidiachtach mar "in bhur suí" a úsáid. Feictear an chiotacht chéanna in abairt 2, agus an chúis chéanna leis.

Sa Bhéarla, úsáidtear an fhoirm "-ing" chun dhá rud a chur in iúl: gníomh atá ag leanacht ar aghaidh i láthair na huaire ("I am working"), agus geireann²² ("I like working"). Ní hionann an dá úsáid, ach breathnaíonn siad díreach mar an gcéanna. Sa Ghaeilge, tá difríocht idir úsáid an ainm bhriathartha leis féin ("Is maith liom eitilt") agus an t-ainm bhriathartha le "ag" ("Tá mé ag eitilt"). Ach má dhéantar an t-innéacsú

-ing = ag X

feictear fadhbanna mar na cinn in abairtí 3-4. Ar ndóigh, níl ag teastáil ach ainmneacha briathartha ("Stop an caoineadh;" "Is maith linn [a bheith ag] brú cnaipí").

Easpa infinideach ná rangabhála is cúis leis na deacrachtaí in abairtí 5-9. Fochlásail infinideachúla²³ atá sa Bhéarla, agus d'uireasa infinideach sa Ghaeilge lorgaíonn an t-aistritheoir struchtúr ar dhéanamh

infinideach = mír réamhfhoclach + ainm briathartha

Freagraíonn dhá straitéis don leagan seo: ainm briathartha a chur ar lorg "le", nó ainm briathartha a chur ar lorg na míre coibhneasta "a".

Ní réitíonn na struchtúir seo an fhadhb, mar ní cheadaítear fochlásail gan aimsir sa Ghaeilge, mar a cheadaítear sa Bhéarla. I roinnt chásanna d'fhéadfaí an fhadhb a réiteach trí "ba cheart" a chur isteach ("Beidh a fhios aici céard ba cheart a dhéanamh").

Fadhb speisialta is ea an briathar "to get" i mBéarla, mar tá réimse ciall aige sa Bhéarla nach bhfuil leaganacha nádúrtha acu i nGaeilge in aon chor. Sa chás seo (agus muid ag tagairt d'abairt 10), is comhchiall é leis an mbriathar "to be":

He got injured = He was injured

Tuigtear an fhadhb anois. Is faí chéasta é seo i ndáiríre, agus níl aon fhaí chéasta ag an nGaeilge. Dá uireasa, is minic aistritheoirí ag innéacsú an bhriathair "faigh" ar an mBéarla, mar a dhéanfaí le gnáth-úsáid an bhriathair "get":

He got a job = Fuair sé post

In abairt 10 tá an t-aistritheoir ag iarraidh an t-innéacsú seo a dhéanamh, ach i gcás neamhbhailí: an fhaí chéasta. B'fhearr i bhfad an briathar saor a úsáid ("Gortaíodh é i ngaiste").

V) "Linking Verbs" an Bhéarla ≠ Tá/Níl

- 1) Téimis ar ais isteach sula bhfaighfidh muid fliuch. [Zou]
- 2) Táimid ag fáil funky. [AFFS]
- 3) Tá sé ag fáil deireannach. [Dora]
- 4) Tá na pointí faighte níos airde. [BS]
- 5) Tá X iompaithe isteach ina Y. [FR]
- 6) Tá sé in ann a thiontú isteach i rud ar bith atá uainn. [RDR]

Tá grúpa briathar faoi leith sa Bhéarla a dtugtar "Linking Verbs" orthu. Is geall leis an gcopail iad, sa chaoi inár féidir ainmfhocal, nó frás ainmfhoclach, a shamhlú le frás ainmfhoclach nó aidiacht eile. Sa chás seo, ní bhreathnaítear ar an dara fhrás mar chuspóir, ach mar ainmní eile.

- a) John is a doctor. (i.e. John = Doctor)
- b) John becomes/turns into a doctor.
- c) John becomes/gets old.
- d) John sounds confident.

Tá an chopail sa Ghaeilge, trínar féidir linn abairt (a) a aistriú go néata, ach níl macasamhail abairtí (b)-(c) againn in aon chor. Ina n-éagmais, déanann aistritheoirí iarracht cialla eile a chur ina n-áit, agus an chomhréir chéanna a choinneáil, más féidir. Mar sin, in abairtí 1-5 cuimhníonn an t-aistritheoir go bhfuil ciall aistreach le "get" trína bhfaigheann an t-ainmní rud ("John gets a new car"). Ach go hoifigiúil ní thógann an briathar "faigh" sa Ghaeilge aidiacht ná rangabháil chaite. "Éirigh," ar ndóigh, an briathar molta²⁴.

I gcás abairt 6, is léir don aistritheoir nach bhfuil macasamhail "to become" i nGaeilge, ach tá leaganacha do "turn" agus "into." Cad chuige nach bhféadfaí na haistriúcháin ar na focail seo a chur le chéile, díreach mar a dhéantar sa Bhéarla?

turn + into = iompaigh + isteach

Níl a leithéid ann sa Ghaeilge, ámh. Moltar, de ghnáth, rud mar "rinneadh dochtúir de" a úsáid, ach ní oibríonn sé seo go néata i gcónaí, go háirithe i gcásanna ina bhfuil duine nó fórsa (draíodóir, mar shampla) freagrach as an gclaohlú. Mar sin, ní gá a bheith ró-dhian ar na leaganacha seo. In éagmais aistriúcháin néata ar an gcoincheap, bíodh cead ag na haistritheoirí a bheith cruthaitheach, fiú agus iad ag innéacsú ón Bhéarla.

VI Modal Auxiliaries an Bhéarla

- 1) Caithfidh tú dealbh a bheith agat [PA] <- "You must have . . ."
- 2) An féidir liom X [MM] <- "May I have . . ."

Ceann de na fadhbanna aistrithe is mó anseo ná chomh fada óna chéile is atá an dá theanga scaití. Tugaimis módúlacht mar shampla. Ceal modh foshuiteach sa Bhéarla, úsáidtear briathra áirithe chun rudaí a chur in iúl nach gá a bheith fíor. Má dheirtear "He would go to school", ní hionann sin is a rá go ndeachaigh sé, go bhfuil sé ag dul, nó go rachaidh sé ariamh. Aistrítear na briathra seo le modh coinníollach na Gaeilge, nó le nathanna a thugann a mbrí le fios, rud nach sásaíonn go hiomlán. Tugaimis abairt 1 mar shampla. Tuigtear fadhb an aistritheora anseo. Is deacair an miondifríocht sin idir "would" agus "should" a aistriú, agus tá sé ag dul crua ar an aistritheoir an iachall a thiontú ón duine go dtí an rud. Ar ndóigh, ní gá ach an "tú" sin a bhaint den abairt chun an botún a cheartú, ach in aigne an aistritheora, tá an t-iachall á chur ar an rud mícheart ansin.

Sean-ghearán an mhúinteora a fheictear in abairt 2. Sa Bhéarla, is ionann "may I . . .?" agus "can I . . .?" sa chaint (murab ionann iad sa Bhéarla "caighdeánaithe"). Tá an t-aistritheoir tar éis an "can I . . .?" sin a aistriú ar ais isteach sa Ghaeilge. Ach sa Ghaeilge (go hoifigiúil, ar aon chaoi) níl aon chiall ceadá bainteach le "an féidir . . .?".

VII Dobhriathra an Bhéarla ≠ Dobhriathra na Gaeilge

1) Taitníonn sé liom níos deise [PA]

Tá an Ghaeilge sách bunúsach i dtaobh dobhriathra. Go deimhin, ní dhéantar sa Ghaeilge le dobhriathra simplí ach aidiacht a thógáil agus an mhír "go" a chur leis²⁵.

Tá an duine sin cliste -> Oibríonn an duine sin go cliste

Mar is eol don teangeolaí Béarla, ámh, is é rang an dobhriathair "bosca bruscair" na gramadaí. Caitear gach rud nach féidir a rangú in aon áit eile isteach i gcatagóir an dobhriathair, agus is cuma an oibríonn sé go hiomlán nó nach n-oibríonn. Sa chás seo, tá an t-aistritheoir curtha amú ag an gcaoi inár féidir breischéim a úsáid leis an dobhriathar sa Bhéarla:

I like Mary, but I like Margaret *better*

This lightbulb works, but that one works *even better*.

Tá an botún seo bunaithe ar an gcaoi inar féidir taitneamh a chur in iúl sa Ghaeilge tríd an gcopail ("Is maith liom X") agus tríd an mbriathar "taitnigh" ("Taitníonn X liom"). Ag innéacsú ar an mBéarla, déanann an t-aistritheoir iarracht breischéim a chur leis an dara leagan (*"Taitníonn sé liom [go deas]" -> *"Taitníonn sé liom [níos deise]")²⁶. Ar ndóigh, tá an bundobhriathar ciotach go leor cheana féin, ach leis an mbreischéim tá sé iomlán doiléir. Ní cheadaítear breischéim i ndobhriathra na Gaeilge. In áit sin, úsáidtear an chopail:

Taitníonn Pádraig liom, ach *is fearr*²⁷ a thaitníonn Liam liom.

Nó d'fhéadfaí an fhadhb a sheachaint ar fad tríd an chopail a úsáid léi féin:

Is maith liom Pádraig, ach is fearr liom Liam.

Deilbhíocht Míchaighdeánach

- 1) Taraigí! [Claude]
- 2) Níor chonaic mé an traein ag teacht inniu. [TD]
- 3) Ar fhaca tú X? [AMF]
- 4) Áit a gheobhaidh muid breith ár mbéal. [EK]
- 5) Canóidh Dan anseo ina háit. [TD]
- 6) D'fhéadfaí an tine seo scaipeadh. [HP]
- 7) Anois, a chairde, cuir tús leis an meascán! [FR]
- 8) Má tá sibh ag iarraidh spraoi, téigh ag an ngáirdín. [EK]
- 9) Na rudaí milis [Claude] Cácaí milis. [PA]
- 10) Na héisc plaiceach. [Dora]
- 11) Ag déanamh an obair ar fad. [DOD]
- 12) Tá muide ag cuardú áit. [LDD]
- 13) Ag cuardú tacaíocht. [HP]
- 14) Roinnt duine. [FR]
- 15) Os cionn an nead. [SG]
- 16) Cluiche sciáil. [HP]
- 17) An ionad campála. [EK]
- 18) Ag barr an slabhra bia. [HP]
- 19) Barr an sliabh is airde. [Dora]
- 20) Oifig an tUasail X. [INK]
- 21) Thart ar an t-aerfort. [HP]
- 22) Deilbh (iolra ar *dealbh*). [PA]
- 23) Ceolchoirm tábhachtach. [HP]
- 24) Níl ann ach an beirt againn. [EK]
- 25) Roimh an púma. [RDR]

Tugann briathra neamhrialta na Gaeilge deacrachtaí suntasacha fiú do na cainteoirí is fearr. I gcásanna 1-4 tá an t-aistritheoir ag cur rialacha i bhfeidhm a oibreodh le briathra rialta, ach nach n-oibreoidh sna cásanna seo. Botún aisteach is ea abairt 5, leis an aistritheoir ag meascadh suas réimniú an bhriathair. Gach seans go bhfuil sé (nó an t-aisteoir, b'fhéidir) ag innéacsú ar an mbriathar "ceannaigh."

Tá an saorbhriathar ag titim as úsáid i measc lucht foghlama na Gaeilge, agus dá réir sin is minic a fhoirmeacha measctha suas le foirmeacha eile. Sa chás seo, míníonn Foclóir Uí Dhónaill go maith cén fáth go meascfaí suas é. Tugann an foclóir an sampla seo dá léitheoir:

D'fhéadfaí scannán a dhéanamh de - A film could be made of it.

Sa Bhéarla, is é "a film" ainmní na habairte. Níl aon ainmní sa Ghaeilge, ámh, agus d'fhéadfadh aistritheoir neamhchúramach glacadh leis go bhfuil *an scannán* agus an briathar nasctha. Ní fada go mbeadh sé ag úsáid "D'fhéadfaí" mar leagan den tríú pearsa, uimhir uatha, mar atá déanta in abairt 6.

I mBéarla, is ionann leaganacha orduithe an bhriathar i ngach uimhir. D'fhéadfaí a bheith ag labhairt le duine amháin nó le grúpa daoine le ráiteas mar "Go home." Sa Ghaeilge, ámh, tá leaganacha éagsúla do na huimhreacha sa modh ordaitheach (abairtí 7-8: "Cuir"/"Cuirigí" agus "Téigh"/"Téigí"). Má tá an t-aistritheoir ag smaoineamh as Béarla, ámh, is minic a dhéanfaidh sé dearmad ar seo, agus go n-úsáidfídh sé an leagan uatha go réamhshocráithe.

Ní bhactar le comhaontú²⁸ in aidiachtaí an Bhéarla. Deirtear "the big man" agus "the big men." Sa Ghaeilge, ámh, is minic an aidiacht ag brath ar uimhir, inscne, agus díochlaonadh:

An fear mór

An bhean mhór

Na fir móra

Hata an fhir mhóir

Hata na mná móire

Is minic go ndéanfaidh an t-aistritheoir dearmad ar na hathruithe seo, agus feictear seo i bhfrásaí 9-16. Cuirfidh sé aidiacht gan athrú ar lorg an ainmfhocail (díreach mar a dhéanfaí sa Bhéarla) agus sin deireadh leis. Maidir leis an tuiseal ginideach ar lorg ainm bhriathartha, is léir nach mbreathnaíonn go leor de na haistritheoirí ar an ainm briathartha mar ainmfhocal in aon chor, ach mar leagan Gaeilge den rangabháil láithreach. Mar sin, ní gá an t-ainmfhocal ar a lorg a chur sa ghinideach. Go deimhin, scríobh mé in áiteanna eile faoin chaoi a bhfuil cainteoirí Gaeilge ag brath níos mó ar chomhréir sa lá atá inniu ann (Ó Broin 86). Má fheictear ainmfhocal ar lorg ainmfhocail eile, glactar leis cheana féin go bhfuil an dara ceann sa ghinideach, agus ní gá é a athrú. Tá seo ag tarlú i bhfrásanna 9-16. Maidir le sampla 14, is léir go bhfuil riail áirithe ag teacht chun tosaigh i gcomhaireamh sna laethanta seo: cuirtear an uimhir uatha i ndiaidh gach cáilíochta uimhriúile: tríúir fear; ceithre rud; *cúigear bean; *sé ceann. Go heisceachtúil, cuirtear an uimhir iolra ar lorg "roinnt," ámh.

Léiriú is ea frásaí 15 agus 23-24 ar an mbaol ina bhfuil an bhaininscneach sa lá atá inniu ann. Go háirithe i gcás focal nach n-úsáidtear go rómhinic, titeann siad ar ais go dtí an díochlaonadh réamhshocráithe: an chéad díochlaonadh firinscneach (go minic gan tuiseal ginideach):

an fear

an nead

hata an fear

os cionn an nead

Fadhb bhreise is ea é gur réamhfhocail comhshuite is ea "os cionn" agus b'fhéidir nach bhfuil a fhios ag an aistritheoir go leanann an tuiséal ginideach é.

Maidir leis na rialacha a bhaineann le focail a thosaíonn le s- agus gutaí (frásáí 17-21), is léir go gcaitear i dtraipisí iad go minic. De ghnáth, athraíonn na focail de réir inscne agus túslitir an fhocail (an sliabh - taobh an tsléibhe ACH an tseanbhean - hata na seanmhá; an t-athair ACH an eaglais). Muna bhfuil sainstaidéar déanta ag an aistritheoir ar rialacha mar seo, is baolach go dtabharfaidh sé neamhaird dóibh.

Comhartha láidir is ea seo go bhfuil an teanga ag athrú. Muna bhfuil na rialacha seo ar eolas ag na haistritheoirí (ar cainteoirí maithe iad, glactar leis), ní féidir a bheith ag súil le heolas na rialacha a bheith ag gnáth-thomhaltóirí na teanga. Níl dabht ach go simpleofar córas deilbhíochta na Gaeilge go luath.

Tá rud eile le tabhairt faoi deara sa méid seo freisin. Os rud é nach bhfuil na rialacha seo ar eolas ach ag fíorbheagán cainteoirí, ceanglaítear iad le Gaeilge an-fhoirmeáilte nach n-úsáidtear ach i gcáipéisí oifigiúla. Den chuid is mó, is teanga scaoilte neamhfhoirmiúil a úsáidtear i gcláracha do pháistí, agus ní thiocfadh nathaíocht mar seo le ton na gcláracha.

Foghraíocht

- | | |
|-------------------|----------------|
| 1) Siosúr | [sɪʃu:r] [BaB] |
| 2) Teastáil | [tæʃtəl] [HP] |
| 3) Sobal bearrtha | [barə] [EK] |

Níl anseo ach rogha an-bheag de shamplaí foghraíochta ó na cláracha go léir. Dóibh siúd a tógadh le Béarla, is mó a úsáideann siad córas foghraíochta an Bhéarla agus iad ag labhairt Gaeilge ná córas ar bith eile. Ba chuma faoi seo muna raibh gramadach na Gaeilge fite fuaite i bhfoghraíocht, ach tá. Séimhítear túsachonsan bhriathair chun an aimsir chaite a chur in iúl (meallaim - mheall sé). Caolaítear consan deiridh ainmfhocail fhirinscnigh chun an tuiséal ginideach a thaispeáint (bád - seol an bháid). Má tá fuaim sa Bhéarla cheana féin atá cosúil leis an gceann Gaeilge, ní dhéanfar aon dochar, ach muna bhfuil (i gcásanna na gconsan caol, mar shampla) millfear córas deilbhíochta na teanga chomh maith leis an gcóras foghraíochta.

Más féidir le comhlacht léirithe aisteoirí Gaeltachta maithe a aimsiú, is minic an fhadhb seo réitithe, ach is fadhb mhór í do chomhlachtaí cathracha, áit a bhfuil cainteoirí dúchais le foghraíocht mhaith tearc go leor. Is minic Béarlóirí le Gaeilge mhaith á n-úsáid ina n-éagmais, agus is minic dá réir sin fadhbanna tuisceana i measc an lucht féachana. I ndáiríre níl i bhfrás 1 thuas ach meititéis²⁹, agus ní baolach go míthuigfí é, ach i gcás 2 tá an easpa foghar Gaeilge ag cur as go mór do chiall an fhocail, agus beidh an t-éisteoir ag brath go mór ar chomhthéacs chun é a thuiscint.

Fadhb faoi leith is ea frás 3. Téarma nuachumtha is ea "Sobal Bearrtha" (a d'úsáidfeadh duine le rásúr) nach mbeadh in úsáid choitianta in aon áit. Ní bheadh na focail "sobal" ná "bearradh" róchoitianta i measc páistí ach oiread. Gan fhoghraíocht fhíorshoiléir, ní dóigh go dtuigfeadh éisteoir ar bith céard a bheadh i gceist gan nodanna láidre ón chomhthéacs. Mar bharr ar sin, bheadh ar an éisteoir an fhoghraíocht fhabhtach a "dheisiú" ar dtús. Ualach tuisceana an-trom ab ea seo don éisteoir óg.

Focláíocht

I) Béarla "to be" ≠ Gaeilge "Tá" / An Chopail

- 1) Sa scéal seo táimid spásairí <- We are spacemen. [TE]
- 2) Is mise tapaidh ag rith. [TD]
- 3) Tá feisteas orm mar anocht is ea Oíche Shamhna. [NHKL]
- 4) Is inniu lá an-tábhachtach don aerfort. [HP]
- 5) Beidh X an grianghrafadóir. [Angelo]

Tá dhá chiall leis an mbriathar "to be" i mBéarla. Ar an gcéad dul síos, ceanglaítear frás ainmfhoclach le ceann eile ("Henry is the king") agus ar an dara dul síos is féidir frás aidiachtach a chur le frás ainmfhoclach ("Henry is very handsome"). Sa Ghaeilge úsáidtear an chopail ("Is é Annraoi an rí" nó "Is rí é Annraoi") sa chéad chás, agus an briathar "tá" sa dara chás ("Tá Annraoi feiceálach"). Scaití measctar suas iad, go cinnte faoi anáil an Bhéarla, mar atá déanta in 1 agus 2.

Éiríonn an fhadhb níos casta nuair a thiteann coincheapanna isteach i ranganna éagsúla de réir na teanga. Mar shampla, is féidir "anocht" a úsáid mar ainmfhocal ar bhonn teoranta sa Ghaeilge ("Beidh sé sa bhaile go dtí anocht"), ach ní i ngach cás (*"Tá anocht Oíche Shamhna"). Tá an t-aistritheoir ag feidhmiú faoin neamhchinnteacht seo in abairt 3. Sa chás seo, ní féidir leis an gcéad frás a bheith cinnte de ghnáth agus ar an dara dul síos ní fheidhmíonn "anocht" mar ainmfhocal sa chomhthéacs seo. B'fhearr "Oíche Shamhna atá ann anocht."

An mhíthuiscint chéanna ata ar siúl in abairt 4. Tá an t-aistritheoir ag iarraidh "Today is . . ." a aistriú leis an gcopail, ach, díreach mar a chonaiceamar le "anocht," ní féidir "inniu" a úsáid mar ainmfhocal. Ina áit, caithfear é a úsáid mar dhobhriathar: "Lá an-tábhachtach atá ann inniu don aerfort."

Tá an chopail i mbaol sa Ghaeilge, agus léiríonn abairt 5 cén fáth - níl aon aimsir fháistineach aici. Feictear an fhadhb nuair a smaoinítear ar abairtí Béarla mar "John is a student, but he will be a doctor." Má úsáidtear an chopail, faightear leaganacha ciotacha mar "Is macléinn é John, ach is dochtúir é [amach anseo]." I gcásanna mar seo, ní foláir dul i dtuilleamaí an bhriathair "tá" ("Tá John ina mhacléinn, ach beidh sé ina dhochtúir"). Ach ní oibríonn sé le ainmfhocal cinnte (*"Beidh sé sa ghrianghrafadóir"). Fágann sin mearbhall ar an aistritheoir, ach fanann sé leis an mbriathar mar sin féin. B'fhearr an chopail a úsáid le dobhriathar ama ("Is é X an grianghrafadóir anois").

II) Focail a bhfuil ciall eile acu sa teanga eile

- 1) Tá sé ag sioscadh rud. [he is whispering something] [TT]
- 2) Portán eile atá ar fhios againn [another crab we know] [TD]
- 3) [Thit mé] ar mhaithe leatsa <- [I fell] because of you [DOD]

4) Is gá a bheith íogair, ach daingean. [sensitive (about hurting somebody), but strong] [Angelo]

Sna cásanna seo, is léir go bhfuil innéacsú díreach Béarla-Gaeilge ar siúl ag na haistritheoirí. Más féidir an focal "whisper" a chur ar fhuaim na gaoithe tríd na crainnte, caithfidh, dar leis an aistritheoir in abairt 1, gur féidir "sioscadh" a úsáid mar chomhchiallach air. Ach faraor, ní féidir "sioscadh" a úsáid i gciall cogarnaigh, mar a úsáidtear "whisper" sa Bhéarla. B'fhearr "cogarnach."

Tá dhá mhíthuiscint i bhfrás 2, agus feictear iad go minic in aistriúcháin go teangacha eile freisin. Tá dhá chiall ag an mbriathar "to know" i mBéarla: aithne a bheith agat ar dhuine ("I know John") agus eolas a bheith agat ("I know the truth"). Ní hionann an dá chiall, ach úsáidtear an briathar céanna chun iad a chur in iúl. Sa Ghaeilge tá dhá bhealach chun an dá chiall a chur in iúl: *aithne a bheith agat ar X*, agus *a fhios a bheith agat faoi X* (nó *eolas a bheith agat ar X*)³⁰. Tá an t-aistritheoir seo ag meascadh suas an dá chiall *agus* na focail "eolas" agus "fios." B'fhearr an focal "aithne" a úsáid in áit "fios."

Is féidir an dá abairt Ghaeilge "thit mé mar gheall ort" agus "tháinig mé ar mhaithe leat" a aistriú leis an nath Béarla céanna "because of you." Ach sa chéad chás is é an t-éisteoir *is cúis* leis an titim. Sa dara chás, is *chun leasa* an éisteora a tháinig an cainteoir. Ceapann an t-aistritheoir in abairt 3 gur féidir "ar mhaithe le X" a úsáid sa dá chás. Ach ní féidir.

Débhí is cúis leis an mbotún in abairt 4 freisin. I mBéarla is féidir le daoine a bheith "sensitive" má mhothaíonn siad gortuithe go héasca, ach i gciall eile is féidir leo a bheith "sensitive" má tá comhbhá acu le daoine eile. Ní hionann an dá chiall. I nGaeilge, ní úsáidtear "íogair" ach sa chiall "soghonta." Tá an t-aistritheoir ag iarraidh an dara ciall a úsáid.

Nathanna Fíortha

A chasadh féin a chur ar an gcleas [Draíocht] [his own twist on the trick]

Tá sé suas chugatsa [Draíocht] [it's up to you]

Tá sé caoga-caoga anois [Draíocht] [it's fifty-fifty]

Ó mo Dhia! [Draíocht] [Oh, my God]

Chonaic mé réalta [AD] [I saw stars]

Níl mé in ann é a sheasamh [Pocoyo] [I can't stand it]

Níl mé in ann breathnú [Pocoyo] [I can't look]

Cé a chas air an solas [PP]; Cas ann é [AM] Cas ó é [PA] [turn on/off]

Ná cur ceist [AMF] [Don't ask!]

Soiprigh síos [INK] [Settle down]

Bhí sin gar! [DOD] [Winx] [That was close]

Ní féidir liom fanacht! [PA] [I can't wait!]

fáil chomh fada le X [BS] [get as far as X]

Caithfidh muid rud trom a fháil isteach inár nead. [SG] [get X into our nest]

Caithfidh sé briseadh a thógáil [SG] [MM] [take a break]
 Párlús áilleachta [beauty parlour] [SG]
 Ní féidir liom é a sheasamh [L&V] [I can't stand it]
 Ní féidir liom é a thógáil [LDD] [I can't take it]
 Tar thart tar éis na scoile [Olivia] [come around]
 Rud a thógáil suas [FR] [to take something up (mar caitheamh aimsire)]
 Áit le baile a ghlaoch air [LDD] [a place to call home]
 Faigh amach as sin! [INK] Faigh amach ó sin! [DOD] [get out of there!/away from there!]
 Chuaigh do phlean mícheart [B&E] [went wrong]
 Níl a fhios agat céard tá tú ag caill amach air [B&E] [what you're losing out on]
 Is fir spáis muid [B&E] [spacemen]
 Freagair an doras [B&E] [answer the door]
 Coinnigh síos é! [TSS] [keep it down!]
 Ná tabhair isteach! [DB] [don't give in!]
 Ní raibh muid in ainm is é a dhéanamh mar sin [B&E] [supposed to be doing it like that]

Nathanna iad seo ar gá Béarla a bheith agat chun iad a thuiscint, agus sin an fáth go gcuirim an nath Béarla in aice leo. Dóbair go n-oibríonn roinnt acu gan aistriúchán ("caoga-caoga"), ach den chuid is mó níl ciall ar bith acu go dtí go n-aistrítear ar ais go Béarla iad.

Ní rud uafásach é seo, ach is rud é ba cheart dúinn a bheith faichilleach faoi. Bhí sé de nós ag uaisle móra an Bhéarla nathanna a aistriú focal ar fhocal ón Fhraincis sa seachtú haois déag, agus tháinig an Béarla slán as. Más féidir le cainteoirí Gaeilge na nathanna seo a chomhshamlú sa Ghaeilge sa chaoi nach gá iad a aistriú ar ais go Béarla chun ciall a bhaint astu, is ar leas na teanga atá sé – gheobhaimid nathaíocht nua as. Ach muna gcomhshamlóidh muid iad, sé sin, más gá dúinn iad a thiontú ar ais chun iad a thuiscint, níl Gaeilge á labhairt againn in aon chor, ach cód atá bunaithe ar Bhéarla, agus nach féidir a thuiscint gan Bhéarla.

Tátal

Mar a dúrthas ar dtús, tá blas den chriticiúlacht ar an bpáipéar seo go cinnte, ach i ndáiríre ní cheart a bheith róbhuardha. Pé leaganacha nua a thitfidh isteach sa Ghaeilge ó nathanna Béarla, seans maith go rachaidh siad chun leasa na teanga. Pé leaganacha nach dtitfidh isteach, caithfear i dtraipisí iad. An t-aon fainic a bheadh ag an údar seo ná go gcaithfimid dúchas na teanga a choinneáil; sé sin, an Béarla a choinneáil faoi smacht agus muid ag aistriú. Agus ar ndóigh, i saormhargadh nua seo na craoltóireachta, is ag an gcustaiméir atá an ceart i gcónaí. Ní fada go bhfaighfidh TG4 agus na comhlachtaí léirithe amach cé hiad na haistritheoirí maithe, agus cé hiad na cinn nach bhfaighfidh an chéad chonradh eile.

-
- ¹ Is minicí "Let's Go, Vámonos" sna leaganacha Eorpacha, is cosúil.
- ² Séard is brí le *innéacsú* sa chomhthéacs seo ná Gaeilge a leagan síos ar Bhéarla focal ar fhocal, gan leagan níos nádúrtha a lorg: He-is-happy = Tá-sé-áthasach.
- ³ Tabharfar le fios níos déanaí sa pháipéar seo nach drochrud é seo go hiomlán, agus go deimhin go bhfuil sé dosheachanta do mhionteangach.
- ⁴ [T]hese languages must continually translate from major languages in order to retain 'their vitality and relevance as living languages' (Cronin 1995: 89).
- ⁵ D'fhéadfaí nóta a chur isteach anseo le tagairt do na leabhair sin faoi stair TG4 etc.
- ⁶ Rinneadh seo d'aonghnó, ar ndóigh. Bhí eagla ar lucht coimisiúnaithe RTÉ nach mbreathnódh páistí ar chártaí as Gaeilge dá mbeadh siad ar fáil as Béarla cheana féin.
- ⁷ I samhradh 2011 ghlaoigh mé ar TG4 chun comhairle a fháil faoi shuiteáil bhosca Saorview i nGaillimh. Cé go raibh Gaeilge ag an rúnaí a d'fhreagair an glaoch gutháin, ní raibh ceachtar den bheirt innealtóir lenar labhair mé in ann ceistanna simplí a fhreagairt as Gaeilge. Innealtóirí lánaimseartha ab ea iad seo le postanna buana sa stáisiún.
- ⁸ I 1996 bhí 60 nóiméad cláracha Gaeilge sa lá ar RTÉ (ar a méad) agus 1.4 milliún cainteoirí Gaeilge (de réir daonáirimh); i 2006 bhí 320 nóiméad de chláracha Gaeilge (ar a laghad) in aghaidh an lae ar TG4 agus RTÉ agus 1.8 milliún cainteoirí Gaeilge (Lároifig Staidrimh 2011; Hickey)
- ⁹ Sa bhliain 2016
- ¹⁰ i.e. an tráchttaireacht.
- ¹¹ D'athraigh Indee Productions a ainm go "Paper Owl Films" le déanaí. Tá suíomh idirlín an chomhlachta fós 100% Béarla.
- ¹² Mar a tharlaíonn, molann na foclóirí nua "CCanna," ach fós ní thuigfeadh éinne an t-aistriúchán.
- ¹³ Tá cur síos maith ar an bpróiseas seo in Eithne O'Connell "Synchrony" 76-99.
- ¹⁴ I.e. Is mar sin is fearr liom é.
- ¹⁵ Féach aguisín thíos do liosta na ngiorrúchán.
- ¹⁶ Féach an liosta thíos faoin teideal "Nathanna Fíortha." I gcuid mhaith cásanna, níl leagan Gaeilge éasca ar fáil.
- ¹⁷ Rogha samplaí is ea iad seo. Déanfar an rud céanna sa chuid eile den alt seo - roinnt roghanna samplacha a thabhairt agus iad a phlé.
- ¹⁸ i.e. tá leaganacha áirithe de in easnamh.
- ¹⁹ I.e. rud a fheidhmíonn mar ainmfhocal.
- ²⁰ "Diminsin" an Ghaeilge ar an ngné seo, nó "aspect" i mBéarla. Míníonn sé an difríocht idir ráitis sa Bhéarla mar "I went home" agus "I have gone home," nó sa Ghaeilge "Chuaigh mé" agus "Théinn".
- ²¹ Ní fhaca mé an aimsir seo faoi chaibidil in aon cheann de na Graiméir. Tabharfaidh mé an "Fháistineach Láithreach" air in éagmais téarma oifigiúil. Feicim go dtagraíonn Nancy Stenson dó uair amháin, ámh, ina leabharsa (161).
- ²² Focal atá cosúil le ainm briathartha na Gaeilge, ach nach bhfeidhmíonn go hiomlán mar an gcéanna. *Gerund* na Laidine agus an Bhéarla.
- ²³ i.e. gan aimsir.
- ²⁴ Tugtar faoi deara, ámh, go bhfuil an úsáid le rangabháil chaite coitianta go leor sa lá atá inniu ann go bhfeictear an leagan "fuair siad geallta" i bhfoclóir nua Fhoras na Gaeilge ar líne.
- ²⁵ Ar ndóigh tá foranganna eile mar dhobhriathra ama ("inné") agus dobhriathra ceisteacha ("Cá") ach ní phléifear anseo ach dobhriathra simplí a cháilíonn gníomh.
- ²⁶ Úsáidtear "*" chun a thaispeáint nach gceadaítear an abairt nó frás de ghnáth.
- ²⁷ Nó *Is mó* . . .
- ²⁸ i.e. uatha le uatha, iolra le iolra, ginideach le ginideach, etc.
- ²⁹ Fuaimeanna atá cosúil lena chéile ag malartú áite sa bhfocal.
- ³⁰ Díreach mar atá sa Spáinnis (saber/conocer), sa bhFraincis (savoir/connaître), agus sa Ghearmáinis (wissen/kennen).

LEABHARLIOSTA

- An Gúm, *Treoirleabhar d'Aistritheoirí*. Gan Dáta (<http://www.gaeilge.ie/wp-content/uploads/2014/12/Treoracha-dAistritheoiri.pdf>).
- Comrie, Bernard. *Aspect: An Introduction to the Study of Verbal Aspect and Related Problems*. Cambridge: Cambridge University Press, 1976.
- Cronin M. 1995. "Altered States: Translation and Minority Languages." *TTR : traduction, terminologie, rédaction* 8 (1995). ll. 85-103.
- Dragga, Sam. "The Myth of Future Tense." *Journal of Teaching Writing* 5 (1986). ll. 325-331.
- Foras na Gaeilge, *Foclóir Nua Béarla-Gaeilge*. Gan dáta (<http://www.focloir.ie>).
- Hickey, Raymond, "Who Speaks Irish?" (https://www.uni-due.de/DI/Who_Speaks_Irish.htm).
- Lár-Oifig Staidrimh. "Daonáireamh na hÉireann: Cainteoirí Gaeilge" (<http://www.cso.ie/en/media/csoie/census/documents/census2011profile9/Profile,9,Irish,speakers,-,Combined,document.pdf>).
- Mac Ionnrachtaigh, Seosamh. *Impreaisín na Gaeilge*. Authorhouse, 2014 (foilsíúchán ar éileamh; ar fáil ag <http://www.authorhouse.com/>).
- Ní Chionnaith, Íte. 'Fíorú Aislinge: Cuimhní Cinn agus Smaointe Feachtasóra' in O'Connell, E., Walsh, J. agus Denvir, G. (eagí) *TG4@10: Deich mBliana de TG4*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 2007. 27-41.
- Ó Broin, Brian. "New Urban Irish: Pidgin, Creole, or Bona Fide Dialect? The Phonetics and Morphology of City and Gaeltacht Speakers Systematically Compared." *Journal of Celtic Linguistics* 15 (2014). ll. 69-91.
- O'Connell, Eithne, *Minority Language Dubbing for Children*. Ph.D. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 2000.
- Ó Dónaill, Niall. *Foclóir Gaeilge-Béarla*. Baile Átha Cliath: An Gúm, 1977.
- Ó hÉallaithe Donncha, "TG4 ag Sé Bliana Déag d'Aois, Ach Cá nDeachaigh an Fhís?" *Beo*, Samhain 2012. (<http://www.beo.ie/alt-tg4-ag-se-bliana-deag-daois-ach-ca-ndeachaigh-an-f.aspx>).
- Pyles, Thomas agus John Algeo. *The Origins and Development of the English Language*. 4ú Eagrán. New York: Harcourt Brace Jovanovich, 1993.
- Stenson, Nancy. *Basic Irish: A Grammar and Workbook*. New York: Routledge, 2008.

AGUISÍN: NA CLÁRACHA (AGUS A NODANNA)

DORA	Dora the Explorer
Elmo	Elmo
WWW	Wow, wow, wubbsy.
TSS	Tar ag Spraoi, Sesame.
DB	Doodlebops 17

BS	Bog Stop
DOD	Dive Olly Dive
HP	Hareport
INK	INK
AFFS	Abby's Flying Fairy School
FR	Fraggle Rock
EK	Eliot Kid
TE	Tadhaigín an t-Eitleán
CLAUDE	Claude
ZOU	Zou
DRAÍOCHT	Draíocht
PONC	Ponc
TT	Tickety Toc
TD	Tiománaí Dan
AD	Arán Draíochta
POCOYO	Pocoyo
WG	Wildgrinders
PP	Puppy in my Pocket
AMF	Ádh mór Fred
NHKL	Ni-Hao Kai Lan
BaB	Bosca ar Bith
FF	Franny's Feet
SFD	Sandra Fairytale Detective

AM	Animal Mechanicals
TiT	Toto i dTrioblóid
SG	SuperGrover
LV	Lola agus Virginia
Angelo	Angelo
BaB	Bó ag Bogadaí
Olivia	Olivia
TD	Traein na nDíneasár
Clif	Clifford
BEE	Bert agus Ernie ar Eachtraí
LDD	Loopdidoo
RDR	Rith, Diego, Rith
MM	Mister Men.
Winx	Winx Club